RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/845 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Bealtaine 2022

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha le haghaidh na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe ar liostaí tríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith clóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) agus (3) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I Rialachán (AE) 2016/429, ceanglaítear gur gá coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]), bunaítear na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna nó deighleoga de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear speicis agus catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas.

(4) Thar aon ní eile, le hIarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) Thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún maidir le dhá ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis: tá ráig amháin acu sin ann i stát Idaho na Stát Aontaithe agus tá an ráig eile ann i stát Michigan na Stát Aontaithe agus deimhníodh iad an 10 Bealtaine 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(6) Sa bhreis air sin, thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún maidir le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig sin ann i stát Minnesota na Stát Aontaithe, agus deimhníodh í an 11 Bealtaine 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(7) Thairis sin, thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún maidir le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig sin ann i stát Wisconsin na Stát Aontaithe, agus deimhníodh í an 13 Bealtaine 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis teacht isteach dóibh (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

(8) Ina theannta sin, thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún maidir le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig sin ann i stát Pennsylvania na Stát Aontaithe, agus deimhníodh í an 14 Bealtaine 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(9) Bhunaigh údaráis tréidliachta na Stát Aontaithe crios rialaithe 10 km timpeall ar na bunaíochtaí atá buailte agus chuir siad beartas díbeartha chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus leathadh an ghalair sin a theorannú.

(10) Chuir na Stáit Aontaithe faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha agus maidir leis na bearta a rinne siad chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. Ar bhonn na meastóireachta sin agus chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint, níor cheart, mar gheall ar na ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach a tharla le déanaí, údarú a thabhairt a thuilleadh do choinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis ná d'fheoil úr ó éanlaith chlóis ná d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas ó na limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta na Stát Aontaithe.

(11) Thairis sin, chuir an Ríocht Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ina críoch i ndáil le sé ráig de HPAI a deimhníodh i mbunaíochtaí éanlaithe clóis: dhá ráig gar do Leeming Bar, Hambleton, Yorkshire Thuaidh, Sasana, an Ríocht Aontaithe, a deimhníodh an 14 agus an 24 Samhain 2021, dhá ráig gar do Willington, Derbyshire Theas, Derbyshire, Sasana, an Ríocht Aontaithe, a deimhníodh an 19 Samhain 2021 agus 11 Nollaig 2021, ráig amháin gar do Clitheroe, Ribble Valley, Lancashire, Sasana, an Ríocht Aontaithe, a deimhníodh an 28 Samhain 2021 agus ráig amháin gar do Watlington, King's Lynn agus Norfolk Thiar, Norfolk, Sasana, an Ríocht Aontaithe, a deimhníodh an 26 Nollaig 2021. Chuir an Ríocht Aontaithe isteach freisin na bearta a rinne sí chun leathadh breise an ghalair sin a chosc. Go sonrach, tar éis na ráigeanna sin de HPAI, chuir an Ríocht Aontaithe beartas díothaithe chun feidhme chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú. Sa bhreis air sin, thug an Ríocht Aontaithe chun críche na bearta glantacháin agus díghalraithe ba ghá tar éis chur chun feidhme an bheartais díothaithe ar na bunaíochtaí éanlaithe clóis a bhí ionfhabhtaithe ina críoch.

(12) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir an Ríocht Aontaithe isteach agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh na ráigeanna de HPAI gar do Leeming Bar, Hambleton, Yorkshire Thuaidh, Sasana, an Ríocht Aontaithe, gar do Willington, Derbyshire Theas, Derbyshire, Sasana, an Ríocht Aontaithe, gar do Clitheroe, Ribble Valley, Lancashire, Sasana, an Ríocht Aontaithe, agus gar do Watlington, King's Lynn agus Norfolk thiar, Norfolk, Sasana, an Ríocht Aontaithe, i mbunaíochtaí éanlaithe clóis, go raibh na ráigeanna sin díothaithe agus nach bhfuil aon riosca ag baint a thuilleadh le tráchtearraí éanlaithe clóis a theacht isteach san Aontas ó na criosanna sa Riocht Aontaithe óna raibh teacht isteach na dtráchtearraí éanlaithe clóis san Aontas curtha ar fionraí de dheasca na ráigeanna sin.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

(14) Agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair i Stáit Aontaithe Mheiriceá á cur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus an riosca tromchúiseach atá ann go dtabharfaí isteach san Aontas é, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar ábhar práinne.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Bealtaine 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) leasaítear Cuid 1 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.21:

"**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.21	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		14.11.2021	14.5.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		14.11.2021	14.5.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		14.11.2021	14.5.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		14.11.2021	14.5.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		14.11.2021	14.5.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		14.11.2021	14.5.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		14.11.2021	14.5.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		14.11.2021	14.5.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		14.11.2021	14.5.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		14.11.2021	14.5.2022"

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.25:

"**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.25	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		19.11.2021	18.5.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		19.11.2021	18.5.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		19.11.2021	18.5.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		19.11.2021	18.5.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		19.11.2021	18.5.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		19.11.2021	18.5.2022

		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		19.11.2021	18.5.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		19.11.2021	18.5.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		19.11.2021	18.5.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		19.11.2021	18.5.2022"

(iii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.31:

"**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.31	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		24.11.2021	14.5.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		24.11.2021	14.5.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		24.11.2021	14.5.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		24.11.2021	14.5.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		24.11.2021	14.5.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		24.11.2021	14.5.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		24.11.2021	14.5.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		24.11.2021	14.5.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		24.11.2021	14.5.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		24.11.2021	14.5.2022"

(iv) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.37:

"**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.37	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		26.11.2021	16.5.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		26.11.2021	16.5.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		26.11.2021	16.5.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		26.11.2021	16.5.2022

		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		26.11.2021	16.5.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		26.11.2021	16.5.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		26.11.2021	16.5.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		26.11.2021	16.5.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		26.11.2021	16.5.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		26.11.2021	16.5.2022"

(v) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.58:

"**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.58	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		11.12.2021	18.5.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		11.12.2021	18.5.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		11.12.2021	18.5.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		11.12.2021	18.5.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		11.12.2021	18.5.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		11.12.2021	18.5.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		11.12.2021	18.5.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		11.12.2021	18.5.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		11.12.2021	18.5.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		11.12.2021	18.5.2022"

(vi) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.78:

"**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.78	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		28.12.2021	19.5.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		28.12.2021	19.5.2022

		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		28.12.2021	19.5.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		28.12.2021	19.5.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		28.12.2021	19.5.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		28.12.2021	19.5.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		28.12.2021	19.5.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		28.12.2021	19.5.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		28.12.2021	19.5.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		28.12.2021	19.5.2022"

(vii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.205 go US-2.209 tar éis na rónna le haghaidh chrios US-2.204:

"**US** na Stáit Aontaithe	US-2.205	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		10.5.2022	
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		10.5.2022	
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		10.5.2022	
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		10.5.2022	
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		10.5.2022	
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		10.5.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		10.5.2022	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		10.5.2022	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		10.5.2022	
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		10.5.2022	
	US-2.206	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		10.5.2022	
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		10.5.2022	

		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		10.5.2022	
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		10.5.2022	
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		10.5.2022	
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		10.5.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		10.5.2022	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		10.5.2022	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		10.5.2022	
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		10.5.2022	
	US-2.207	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		11.5.2022	
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		11.5.2022	
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		11.5.2022	
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		11.5.2022	
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		11.5.2022	
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		11.5.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		11.5.2022	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		11.5.2022	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		11.5.2022	
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		11.5.2022	
	US-2.208	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		13.5.2022	
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		13.5.2022	
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		13.5.2022	
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		13.5.2022	
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		13.5.2022	

		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		13.5.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		13.5.2022	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		13.5.2022	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		13.5.2022	
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		13.5.2022	
	US-2.209	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		14.5.2022	
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		14.5.2022	
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		14.5.2022	
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		14.5.2022	
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		14.5.2022	
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		14.5.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		14.5.2022	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		14.5.2022	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		14.5.2022	
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		14.5.2022"	

(b) leasaítear Cuid 2 mar a leanas: san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna US-2.205 go US-2.209 tar éis na tuairisce ar chrios US-2.204:

"United States	US-2.205	State of Idaho Ada County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 116,2942052°W 43,7596877°N)
	US-2.206	State of Michigan Muskegon County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85,9209812°W 43.3395919°N.

	US-2.207	State of Minnesota Chisago County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 92,6956363°W 45,5063470°N).
	US-2.208	State of Wisconsin Barron 07 Barron County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 91,7498191°W 45,4483193°N).
	US-2.209	State of Pennsylvania Berks 06 Berks County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 76,1681315°W 40,4962471°N)"

(2) in Iarscríbhinn XIV, leasaítear Cuid 1 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.21:

"**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.21	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		14.11.2021	14.5.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		14.11.2021	14.5.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		14.11.2021	14.5.2022"

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.25:

"**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.25	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		19.11.2021	18.5.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		19.11.2021	18.5.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		19.11.2021	18.5.2022"

(iii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.31:

"**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.31	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		24.11.2021	14.5.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		24.11.2021	14.5.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		24.11.2021	14.5.2022"

(iv) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.37:

"**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.37	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		26.11.2021	16.5.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		26.11.2021	16.5.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		26.11.2021	16.5.2022"

(v) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.58:

"**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.58	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		11.12.2021	18.5.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		11.12.2021	18.5.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		11.12.2021	18.5.2022"

(vi) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.78:

"**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.78	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		28.12.2021	19.5.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		28.12.2021	19.5.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		28.12.2021	19.5.2022"

(vii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.205 go US-2.209 tar éis na rónna le haghaidh chrios US-2.204:

"**US** na Stáit Aontaithe	US-2.205	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		10.5.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		10.5.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		10.5.2022	
	US-2.206	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		10.5.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		10.5.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		10.5.2022	
	US-2.207	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		11.5.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		11.5.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		11.5.2022	

	US-2.208	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		13.5.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		13.5.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		13.5.2022	
	US-2.209	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		14.5.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		14.5.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		14.5.2022”	